Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Meán Fómhair 2025 (OR. en)**

**12460/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0809 (NLE)**

**COLAC 137**
**POLCOM 221**
**SERVICES 53**
**FDI 48**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE<br>maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 809 annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 809 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.9.2025
COM(2025) 809 final

ANNEX 1 – PART 1/4

# IARSCRÍBHINN

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, agus cur i bhfeidhm sealadach an Chomhaontaithe maidir le Comhpháirtíocht Straitéiseach Pholaitiúil, Eacnamaíoch agus Chomhair idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile**

AN COMHAONTÚ MAIDIR LE
COMHPHÁIRTÍOCHT STRAITÉISEACH
PHOLAITIÚIL, EACNAMAÍOCH AGUS CHOMHAIR
IDIR AN tAONTAS EORPACH
AGUS A BHALLSTÁIT, DE PHÁIRT,
AGUS STÁIT AONTAITHE MHEICSICEO, DEN PHÁIRT EILE

BROLLACH

RÍOCHT NA BEILGE,

POBLACHT NA BULGÁIRE,

POBLACHT NA SEICE,

RÍOCHT NA DANMHAIRGE,

POBLACHT CHÓNAIDHME NA GEARMÁINE,

POBLACHT NA hEASTÓINE,

ÉIRE,

AN PHOBLACHT HEILLÉANACH,

RÍOCHT NA SPÁINNE,

POBLACHT NA FRAINCE,

POBLACHT NA CRÓITE,

POBLACHT NA hIODÁILE,

POBLACHT NA CIPIRE,

POBLACHT NA LAITVIA,

POBLACHT NA LIOTUÁINE,

ARD-DIÚCACHT LUCSAMBURG,

AN UNGÁIR,

POBLACHT MHÁLTA,

RÍOCHT NA hÍSILTÍRE,

POBLACHT NA hOSTAIRE,

POBLACHT NA POLAINNE,

POBLACHT NA PORTAINGÉILE,

AN RÓMÁIN,

POBLACHT NA SLÓIVÉINE,

POBLACHT NA SLÓVAICE,

POBLACHT NA FIONLAINNE,

RÍOCHT NA SUALAINNE,

Páirtithe Conarthacha sa Chonradh ar an Aontas Eorpach agus sa Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, dá ngairtear 'na Ballstáit' anseo feasta,

TÁ AN tAONTAS EORPACH, dá ngairtear 'an tAontas' nó 'AE' anseo feasta,

de pháirt, agus

Stáit Aontaithe Mheicsiceo, dá ngairtear 'Meicsiceo' anseo feasta,

den pháirt eile,

dá ngairtear 'na Páirtithe' go comhpháirteach anseo feasta,

DE BHRÍ na gceangal cultúrtha, polaitiúil agus eacnamaíoch láidir a thugann le chéile iad;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a ngealltanais do phrionsabail dhaonlathacha, smacht reachta, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, agus do chur i gcoinne iomadú arm ollscriosta, arb iad bunús a gcomhpháirtíochta agus a gcomhair;

AGUS AIRD Á TABHAIRT ar an rannchuidiú mór chun na ceangail sin a neartú a rinneadh leis an gComhaontú maidir le Comhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar idir an Comhphobal Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo, den pháirt eile, a síníodh sa Bhruiséil an 8 Nollaig 1997;

DE BHRÍ a ngealltanais chomhpháirtigh a léiríodh i nDearbhú Santiago an 27 Eanáir 2013 chun an Comhaontú atá ann cheana féin maidir le Comhpháirtíocht Eacnamaíoch, Comhordú Polaitiúil agus Comhar a nuachóiriú agus a athsholáthar chun na réaltachtaí nua polaitiúla agus eacnamaíocha a léiriú, chomh maith leis an dul chun cinn atá déanta ina gcomhpháirtíocht straitéiseach;

DE BHRÍ GO ndearnadh an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Stáit Aontaithe Mheicsiceo (dá ngairtear ‘an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Meicsiceo’ anseo feasta), lena mbunaítear limistéar saorthrádála idir an tAontas agus Meicsiceo, a shíniú an [X];

AG CUR I dTÁBHACHT chineál cuimsitheach a ngaolmhaireachta agus an tábhacht a bhaineann le creat comhleanúnach a sholáthar chun í a chur chun cinn níos mó;

AG DEARBHÚ a stádais mar chomhpháirtithe straitéiseacha agus a ndiongbháilteacht chun a gcomhpháirtíocht agus a gcomhar idirnáisiúnta agus a n- idirphlé a fheabhsú agus a threisiú níos mó chun a leasanna agus luachanna comhroinnte a chur chun cinn;

AG DEARBHÚ a ngealltanais chun comhar a neartú maidir le saincheisteanna déthaobhacha, réigiúnacha, dé- réigiúnacha agus idirnáisiúnta ar ábhair leasa choitinn iad;

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá córas iltaobhach láidir agus éifeachtach, bunaithe ar an dlí idirnáisiúnta, chun an tsíocháin a chaomhnú, coinbhleachtaí a chosc agus slándáil idirnáisiúnta a neartú agus chun dul i ngleic le dúshláin choiteanna;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a ngealltanais chun a gcaidreamh trádála a leathnú agus a éagsúlú i gcomhréir le Comhaontú Marrakech lena mBunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (dá ngairtear 'Comhaontú EDT' anseo feasta) agus leis na cuspóirí sonracha agus na forálacha a leagtar amach i gCuid III den Chomhaontú seo;

AR A BHEITH DEARFA go gcruthófar timpeallacht leis an gComhaontú seo ina bhféadfaí an caidreamh eacnamaíoch inbhuanaithe eatarthu a fhorbairt, go háirithe i dtéarmaí trádála agus infheistíochta, atá fíor- riachtanach chun forbairt eacnamaíoch agus shóisialta agus nuálaíocht agus nuachóiriú theicneolaíoch a bhaint amach;

AG AITHINT DÓIBH go dtugtar le forálacha an Chomhaontaithe seo cosaint d'infheistíochtaí agus d'infheisteoirí i leith a gcuid infheistíochtaí agus go bhfuil siad beartaithe gníomhaíocht gnó atá tairbhiúil go frithpháirteach a spreagadh, gan dochar a dhéanamh don cheart atá ag na Páirtithe chun rialáil a dhéanamh ar mhaithe le leas an phobail laistigh dá gcríoch;

AG FÁILTIÚ ROIMH Rún 70/1 a ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 25 Meán Fómhair 2015, ina bhfuil an doiciméad toraidh ‘I mBun Athraithe: Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe’ (dá ngairtear ‘Clár Oibre 2030’ anseo feasta), Comhaontú Pháras faoi Chreat- Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, a rinneadh i bPáras an 12 Nollaig 2015 (dá ngairtear ‘Comhaontú Pháras’ anseo feasta), chomh maith le Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015–2030, a glacadh ag Tríú Comhdháil Dhomhanda na Náisiún Aontaithe in Sendai an 18 Márta 2015, Clár Oibre Gníomhaíochta Addis Ababa de chuid an Tríú Comhdháil Idirnáisiúnta um Maoiniú Forbraíochta a glacadh ag Addis Ababa an 13–16 Iúil 2015, Gealltanais an Chruinnithe Mullaigh Dhomhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla, a glacadh ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Cúrsaí Daonnúla in Iostanbúl an 23–24 Bealtaine 2016, agus an Clár Oibre Uirbeach, a glacadh le linn Chomhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Tithíocht agus Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe (Gnáthóg III) in Quito an 20 Deireadh Fómhair 2016 (dá ngairtear ‘an Clár Oibre Uirbeach Nua’ anseo feasta), agus éileamh a dhéanamh go gcuirfear chun feidhme go pras iad;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a ngealltanais chun dúshláin dhomhanda a shárú trí fhorbairt inbhuanaithe a chur chun cinn ina ngnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil, trí chuidiú leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (dá ngairtear ‘SDGanna’ anseo feasta) agus spriocanna Chlár Oibre 2030 a bhaint amach;

AG DEARBHÚ a ngealltanais chun comhar a neartú i réimsí an cheartais, chearta an duine, na saoirse agus na slándála;

AG AITHINT DÓIBH tairbhí frithpháirteacha an chomhair fheabhsaithe i ndáil leis an oideachas, cultúr, taighde agus nuálaíocht agus réimsí leasa choitinn eile;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a ngealltanais chun trádáil idirnáisiúnta a chur chun cinn ar bhealach a chuirfidh le forbairt inbhuanaithe ó thaobh a gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de, trí chomhpháirtíochtaí leis na páirtithe leasmhara ábhartha go léir, lena n- áirítear an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach, agus chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme ar bhealach atá i gcomhréir lena ndlíthe faoi seach agus lena ngealltanais chomhshaoil agus saothair idirnáisiúnta;

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá sé a gcaidreamh eacnamaíoch, trádála agus infheistíochta a neartú, agus léirscaoileadh na trádála agus na hinfheistíochta eatarthu a chur chun cinn, chun fás eacnamaíoch a bhaint amach, deiseanna nua a chruthú d'oibrithe agus do phobail ghnó an dá Pháirtí, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide;

AG AITHINT DÓIBH go rannchuideoidh an Comhaontú seo le leas an tomhaltóra a fheabhsú agus le caighdeáin maireachtála ar ardleibhéal agus cosaint tomhaltóirí a áirithiú;

AG SPREAGADH DÓIBH fiontair a oibríonn laistigh dá gcríoch nó atá faoi réir a ndlínse cloí le treoirlínte agus prionsabail um fhreagracht shóisialta chorparáideach a aithnítear go hidirnáisiúnta, lena n- áirítear na Treoirlínte d'Fhiontair Ilnáisiúnta ón Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta, agus an dea- chleachtas a shaothrú maidir le hiompar gnó freagrach;

AG AITHINT DÓIBH go gcaomhnaítear le forálacha an Chomhaontaithe seo an ceart atá ag na Páirtithe chun rialáil a dhéanamh laistigh dá gcríocha i gcomhréir lena reachtaíocht inmheánach agus an tsolúbthacht atá ag na Páirtithe chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach amhail an tsláinte phoiblí, an tsábháilteacht, an comhshaol, an mhoráltacht phoiblí agus cur chun cinn agus cosaint na héagsúlachta cultúrtha, i measc nithe eile;

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá trédhearcacht, dea- rialachas agus smacht reachta sa trádáil idirnáisiúnta agus infheistíocht chun leasa na bpáirtithe leasmhara uile;

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU rannchuidiú le forbairt chomhchuibhithe agus síneadh na trádála agus na hinfheistíochta idirnáisiúnta trí bhacainní orthu a bhaint leis an gComhaontú seo agus gan bacainní nua ar thrádáil nó ar infheistíocht idir na Páirtithe a chruthú, mar d'fhéadfaí na tairbhí a bhainfear as an gComhaontú seo a laghdú mar gheall ar bhacainní den sórt sin;

AG TABHAIRT DÁ nAIRE DÓIBH, i gcás ina gcinnfidh na Páirtithe, faoi chuimsiú an Chomhaontaithe seo, comhaontuithe sonracha a dhéanamh sa limistéar saoirse, slándála agus ceartais a fhéadfaidh an tAontas a thabhairt i gcrích de bhun Theideal V de Chuid a Trí den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE'), nach mbeadh forálacha na gcomhaontuithe sin a bheidh ann amach anseo ina gceangal ar Éirinn mura gcuirfidh an tAontas in iúl do Mheicsiceo, i gcomhthráth le hÉirinn a mhéid a bhaineann lena caidreamh déthaobhach roimhe sin, go bhfuil Éire tar éis teacht faoi cheangal ag na comhaontuithe sin mar chuid den Aontas i gcomhréir le Prótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach ('CAE') agus le CFAE. Ar an gcaoi chéanna, aon bheart inmheánach ina dhiaidh sin de chuid an Aontais a fhéadfar a ghlacadh de bhun Theideal V de Chuid Trí de CFAE chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme, ní bheadh sé ina cheangal ar Éirinn, ach amháin má tá sé curtha in iúl aici gur mian léi a bheith rannpháirteach sna bearta sin nó glacadh leo i gcomhréir le Prótacal Uimh. 21. Ag tabhairt dá n- aire freisin go dtiocfadh comhaontuithe sonracha den sórt sin amach anseo nó bearta inmheánacha de chuid an Aontais ina dhiaidh sin faoi réim Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge atá i gceangal le CAE agus CFAE,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

CUID I[1]

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 1

Cuspóirí an Chomhaontaithe

Is iad seo a leanas a bheidh mar chuspóirí an Chomhaontaithe seo:

(a) comhpháirtíocht straitéiseach neartaithe a bhunú, idirphlé polaitiúil a threisiú, agus an comhar maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh a dhoimhniú agus a fheabhsú;

(b) trádáil agus infheistíocht níos mó a chothú idir na Páirtithe trína gcaidrimh eacnamaíocha agus thrádála a leathnú agus a éagsúlú, rud a rannchuideodh le fás eacnamaíoch níos mó agus níos inbhuanaithe agus cáilíocht saoil fheabhsaithe a bhaint amach.

1 I gcás ina bhfuil tagairt i bhforáil den Chuid seo d'fhoráil eile den Chomhaontú seo, is tagairt í sin d'fhoráil eile den Chuid seo, mura sonraítear a mhalairt go sainráite.

AIRTEAGAL 2

Prionsabail Ghinearálta

1. Urraim do phrionsabail an daonlathais agus do chearta an duine agus do shaoirsí bunúsacha mar a leagtar síos i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus in ionstraimí idirnáisiúnta eile maidir le cearta an duine, agus do phrionsabal an smachta reachta, tá sé sin mar bhonn agus mar thaca ag beartais intíre agus idirnáisiúnta an dá Pháirtí agus is gné fhíor- riachtanach den Chomhaontú seo í.

2. Deimhníonn na Páirtithe a dtacaíocht láidir do phrionsabail Chairt na Náisiúin Aontaithe (dá ngairtear 'NA' anseo feasta).

3. Tá na Páirtithe ar aon intinn go bhfuil leathadh arm ollscriosta, agus na bealaí ina seachadtar chuig gníomhaithe stáit agus gníomhaithe neamhstáit araon iad, ina mbagairt thromchúiseach ar an gcobhsaíocht agus ar an tslándáil idirnáisiúnta.

4. Aithníonn na Páirtithe gur bagairt í gluaiseacht neamhrialaithe gnátharm ar an tsíocháin, an tslándáil agus an chobhsaíocht idirnáisiúnta agus réigiúnach, agus aithníonn siad freisin gur gá oibriú i gcomhar chun a áirithiú go n- aistreofar gnáthairm ar bhealach freagrach.

5. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas chun gnéithe uile na forbartha inbhuanaithe a chur chun cinn, rannchuidiú le baint amach na spriocanna forbartha inbhuanaithe a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta, agus oibriú i gcomhar chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin dhomhanda chomhshaoil.

6. Deimhníonn na Páirtithe a ngealltanas do chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban agus na gcailíní.

7. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas d'idirdhealú ar aon fhoras a chomhrac, lena n- áirítear inscne, bunadh ciníoch nó eitneach, reiligiún nó creideamh, míchumas, aois nó gnéaschlaonadh.

8. Deimhníonn na Páirtithe a ngealltanas do chur chun feidhme an Chomhaontaithe seo bunaithe ar luachanna comhroinnte lena n- áirítear prionsabail an idirphlé, na hurraime frithpháirtí, na comhpháirtíochta comhionainne, an iltaobhachais, an chomhair agus na hurraime don dlí idirnáisiúnta.

CUID II[2]

IDIRPHLÉ POLAITIÚIL AGUS COMHAR

CAIBIDIL 1

IDIRPHLÉ POLAITIÚIL, SÍOCHÁN AGUS SLÁNDÁIL IDIRNÁISIÚNTA

AIRTEAGAL 1.1

Idirphlé Polaitiúil

1. Neartóidh na Páirtithe a n- idirphlé polaitiúil agus a gcomhar ar gach leibhéal, trí mhalartuithe agus comhairliúcháin ar shaincheisteanna déthaobhacha, réigiúnacha, dé- réigiúnacha, idirnáisiúnta agus iltaobhacha.

2. Beidh sé d'aidhm ag an idirphlé polaitiúil an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) forbairt caidreamh déthaobhach a chur chun cinn agus an chomhpháirtíocht straitéiseach a neartú;

(b) comhar a neartú i ndáil le dúshláin agus saincheisteanna réigiúnacha, dé- réigiúnacha, agus idirnáisiúnta.

[2] I gcás ina bhfuil tagairt i bhforáil den Chuid seo d'fhoráil eile den Chomhaontú seo, is tagairt í sin d'fhoráil eile den Chuid seo, mura sonraítear a mhalairt go sainráite.

3. Féadfaidh an t- idirphlé polaitiúil idir na Páirtithe tarlú sna foirmeacha seo a leanas, de réir mar a chomhaontaítear go frithpháirteach:

(a) comhairliúcháin, cruinnithe agus cuairteanna ar leibhéal an chruinnithe mullaigh;

(b) comhairliúcháin, cruinnithe agus cuairteanna ar leibhéal aireachta;

(c) cruinnithe tráthrialta na n- oifigeach sinsearach, lena n- áirítear Idirphlé Polaitiúil Ardleibhéil;

(d) idirphlé earnálach maidir le saincheisteanna leasa choitinn;

(e) malartú toscaireachtaí agus teagmhálacha eile idir Comhdháil Mheicsiceo agus Parlaimint na hEorpa;

(f) aon mhodh eile a dtoilíonn na Páirtithe leis.

AIRTEAGAL 1.2

Prionsabail an Daonlathais, Cearta an Duine agus an Smacht Reachta

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar ar chearta an duine a chur chun cinn agus a chosaint, lena n- áirítear maidir le daingniú agus cur chun feidhme ionstraimí idirnáisiúnta um chearta an duine, agus ar phrionsabail dhaonlathacha agus an smacht reachta a neartú, comhionannas inscne a chur chun cinn agus idirdhealú de gach cineál a chomhrac.

2. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh leis an gcomhar sin:

(a) idirphlé fóinteach leathan maidir le cearta an duine a chothú;

(b) tacú le forbairt agus cur chun feidhme pleananna gníomhaíochta maidir le cearta an duine;

(c) cearta an duine a chur chun cinn, lena n- áirítear trí oideachas agus comhar;

(d) institiúidí náisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil baint acu le cearta an duine a threisiú;

(e) comhar a fheabhsú le Comhlachtaí Conartha na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine agus Nósanna Imeachta Speisialta na Comhairle um Chearta an Duine chun a gcuid moltaí a chur chun feidhme;

(f) comhar a threisiú laistigh d'institiúidí NA a bhfuil baint acu le cearta an duine, agus na fóraim réigiúnacha agus iltaobhacha ábhartha;

(g) a n- acmhainneacht a threisiú i ndáil le prionsabail agus cleachtais dhaonlathacha a chur i bhfeidhm;

(h) dea- rialachas atá neamhspleách agus trédhearcach a threisiú ar leibhéil áitiúla, náisiúnta, réigiúnacha agus dhomhanda, cuntasacht agus trédhearcacht institiúidí a chur chun cinn agus tacú le rannpháirtíocht saoránach agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta;

(i) oibriú i gcomhar agus comhordú, i gcás inarb iomchuí, i dtríú tíortha, chun prionsabail dhaonlathacha, cearta an duine agus an smacht reachta a threisiú;

(j) uilíocht na gconarthaí idirnáisiúnta um chearta an duine a chothú agus spreagadh a thabhairt do Stáit eile a gcuid oibleagáidí a chur chun feidhme sa réimse sin;

(k) oibriú chun cosc a chur ar shaoirse ó phionós i ndáil le sáruithe ar chearta an duine.

AIRTEAGAL 1.3

Comhionannas Inscne agus Cumhachtú na mBan, Síocháin,
Slándáil agus Forbairt Inbhuanaithe

1. Déanfaidh na Páirtithe comhionannas inscne agus cumhachtú na mban a chur chun cinn. Admhaíonn siad an gá le comhionannas inscne agus an gá le mná agus cailíní a chumhachtú mar réamhchoinníoll chun forbairt inbhuanaithe agus chuimsitheach, daonlathas agus slándáil a bhaint amach go hiomlán. Fiosróidh na Páirtithe scéimeanna breise comhair agus sineirgí féideartha idir beartais agus tionscnaimh faoi seach, i gcomhréir le caighdeáin agus gealltanais idirnáisiúnta amhail an Coinbhinsiún maidir le Gach Cineál Idirdhealaithe in aghaidh na mBan a Dhíothú (CEDAW), arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 18 Nollaig 1979, na moltaí ginearálta a rinne Coiste NA um Idirdhealú in aghaidh na mBan a Dhíothú, Clár Oibre 2030 agus Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, agus rúin ina dhiaidh sin ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, Síocháin agus Slándáil.

2. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh leis an gcomhar sin:

(a) príomhshruthú inscne éifeachtach a chothú;

(b) tacú le forbairt agus cur chun feidhme plean gníomhaíochta náisiúnta maidir le Rún 1325 (2000) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe;

(c) ceannaireacht agus rannpháirtíocht pholaitiúil na mban a chur chun cinn, chomh maith lena rochtain ar oideachas ar ardchaighdeán, a gcumhachtú eacnamaíoch agus ceannaireacht, agus a rannpháirtíocht níos mó sa lucht saothair;

(d) institiúidí náisiúnta agus réigiúnacha a neartú trí bhíthin bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le foréigean in aghaidh ban agus cailíní agus chun plé leo, lena n- áirítear cosaint in aghaidh foréigean gnéasach agus inscnebhunaithe agus é a cosc, sásraí imscrúdaithe agus cuntasachta, tacaíocht d'íospartaigh agus dálaí slána agus sábháilte a chur chun cinn do mhná agus cailíní;

(e) cosaint chearta na mban a threisiú go gníomhach, lena n- áirítear ar aon chineál idirdhealaithe agus foréigin ina n- aghaidh agus rochtain ar an gceartas a áirithiú dóibh;

(f) an comhar a fheabhsú le comhlachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta eile;

(g) anailís inscne a chur chun cinn go gníomhach mar aon le comhtháthú córasach ghné na hinscne sna hábhair uile a bhaineann leis an tsíocháin agus an tslándáil, agus ceannaireacht na mban á áirithiú chomh maith lena rannpháirtíocht bhríoch i bpróisis síochána, iarrachtaí idirghabhála, réiteach coinbhleachta agus cothú na síochána chomh maith le misin agus oibríochtaí sibhialta agus míleata.

AIRTEAGAL 1.4

Cur i gCoinne Leathadh Arm Ollscriosta

1. Is é breith na gComhpháirtithe gurb é atá i leathadh arm ollscriosta, agus na bealaí lena seachadadh, chuig gníomhaithe stáit agus neamhstáit araon, ceann de na bagairtí is tromchúisí ar an gcobhsaíocht agus ar an tslándáil idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, rachaidh na Páirtithe i gcomhar agus rannchuideoidh siad chun cur i gcoinne leathadh arm ollscriosta agus na bealaí ina seachadtar iad trí na hoibleagáidí atá ar na Páirtithe cheana faoi chonarthaí agus faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta dí- armála agus neamhleata a chomhlíonadh ina n- iomláine agus a chur chun feidhme ar bhonn náisiúnta, mar aon le hoibleagáidí ábhartha idirnáisiúnta eile. Comhaontaíonn na Páirtithe gur gné fhíor- riachtanach den Chomhaontú seo í an fhoráil seo.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar agus rannchuideoidh siad chun cur i gcoinne leathadh arm ollscriosta agus na mbealaí lena seachadadh tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) bearta a dhéanamh chun ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha eile a shíniú, a dhaingniú, nó aontú dóibh, de réir mar is iomchuí agus iad a chur chun feidhme;

(b) córas éifeachtach rialuithe onnmhairí a bhunú agus a choinneáil ar bun, lena rialófaí onnmhairiú agus aistriú earraí atá bainteach le hairm ollscriosta, lena n- áirítear rialú ar úsáid deiridh arm ollscriosta i leith teicneolaíochtaí dé- úsáide agus smachtbhannaí éifeachtacha i leith sáruithe ar rialuithe onnmhairiúcháin.

3. Bunóidh na Páirtithe idirphlé polaitiúil tráthrialta a bheidh mar thionlacan agus mar chomhdhlúthú do na gnéithe sin.

AIRTEAGAL 1.5

Mionairm agus Armáin Éadroma agus Gnáth- Airm Eile

1. Aithníonn na Páirtithe an bhagairt thromchúiseach don tsíocháin agus don tslándáil idirnáisiúnta a bhaineann fós le monarú, aistriú agus scaipeadh aindleathach mionarm agus armán éadrom (MAAÉ), lena n- áirítear armlón, páirteanna agus comhpháirteanna dóibh agus iad a charnadh go haindleathach, drochbhainistiú a dhéanamh orthu, stoc- chairn díobh a dhaingniú go míchuí agus iad a leathadh gan rialú.

2. Comhaontaíonn na Comhpháirtithe a n- oibleagáidí faoi seach a urramú agus a chur chun feidhme go hiomlán chun déileáil leis an trádáil aindleathach in MAAÉ, lena n- áirítear a n- armlón, faoi chomhaontuithe idirnáisiúnta atá ann cheana agus faoi rúin ó Chomhairle Slándála NA, chomh maith lena ngealltanais faoi chreat ionstraimí idirnáisiúnta eile is infheidhme sa réimse sin, amhail Clár Gníomhaíochta NA chun Gach Gné den Trádáil Aindleathach i Mionairm agus in Armáin Éadroma a Chosc, a Chomhrac agus a Dhíothú.

3. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le córais bhaile rialaithe chun gnáth- airm a aistriú i gcomhréir leis na caighdeáin idirnáisiúnta atá ann cheana. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le rialuithe den sórt sin a chur i bhfeidhm ar bhealach freagrach, mar rannchuidiú leis an tsíocháin, an tslándáil agus leis an gcobhsaíocht idirnáisiúnta agus réigiúnach, agus chun fulaingt an chine dhaonna a laghdú, agus chun atreorú gnáth- arm a chosc.

4. Cuirfidh na Páirtithe an Conradh Trádála Arm (dá ngairtear 'CTA' anseo feasta) chun feidhme go hiomlán, a glacadh i Nua- Eabhrac an 2 Aibreán 2013, rachaidh siad i gcomhar le chéile faoi chreat CTA, lena n- áirítear chun uiliú CTA a chur chun cinn i mBallstáit uile na Náisiún Aontaithe chomh maith lena chur chun feidhme iomlán ag na Páirtithe Stáit go léir.

5. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar agus áiritheoidh siad comhordú, comhlántacht agus sineirge ina n- iarrachtaí chun rialú na trádála idirnáisiúnta i ngnáth- airm a rialáil nó a fheabhsú agus chun trádáil aindleathach gnáth- arm a chosc, a chomhrac agus a dhíothú, lena n- áirítear na harmlóin, páirteanna agus comhpháirteanna a bhaineann leo.

6. Bunóidh na Páirtithe idirphlé polaitiúil tráthrialta a bheidh mar thionlacan agus mar chomhdhlúthú do na hábhair a chumhdófar leis an Airteagal seo.

## AIRTEAGAL 1.6

### An Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta

1. Aithníonn na Páirtithe nár cheart na coireanna is tromchúisí ar údar imní iad don phobal idirnáisiúnta ina iomláine a bheith gan phionós, agus féachfaidh siad lena áirithiú go ndéanfar na coireanna sin a imscrúdú agus a ionchúiseamh go héifeachtach trí bhearta a dhéanamh ar an leibhéal náisiúnta agus tríd an gcomhar idirnáisiúnta a fheabhsú, lena n- áirítear leis an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (dá ngairtear 'ICC' anseo feasta).

2. Déanfaidh na Páirtithe daingniú uilíoch nó aontachas Reacht na Róimhe den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta (dá ngairtear 'Reacht na Róimhe' anseo feasta) a chur chun cinn, agus oibreoidh siad ar mhaithe lena chur chun feidhme éifeachtach intíre ag Páirtithe Stáit san ICC. Déanfaidh na Páirtithe dea-  chleachtais a mhalartú, de réir mar is iomchuí, maidir le glacadh dlíthe náisiúnta agus déanfaidh siad bearta chun sláine Reacht na Róimhe a chosaint.

AIRTEAGAL 1.7

An fhrithsceimhlitheoireacht

Athdhearbhaíonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le frithsceimhlitheoireacht agus, i gcomhréir le coinbhinsiúin idirnáisiúnta, rúin ábhartha NA agus a ndlíthe agus a rialacháin faoi seach, rachaidh siad i gcomhar, mar a chomhaontófar go frithpháirteach, chun gníomhartha sceimhlitheoireachta a chosc agus a chur faoi chois. Déanfaidh siad amhlaidh go háirithe:

(a) faoi chuimsiú chur chun feidhme iomlán agus éifeachtach Rún 1373 (2001) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus rúin ábhartha eile ó na Náisiúin Aontaithe agus ionstraimí idirnáisiúnta;

(b) tríd an gcomhar idir Ballstáit na Náisiún Aontaithe a chur chun cinn chun Straitéis Dhomhanda Frithsceimhlitheoireachta na Náisiún Aontaithe, ar ghlac Comhthionól Ginearálta NA léi an 8 Meán Fómhair 2006, a chur chun feidhme go héifeachtach;

(c) trí fhaisnéis faoi ghrúpaí sceimhlitheoireachta agus a líonraí tacaíochta a mhalartú i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta agus leis an dlí náisiúnta; agus

(d) trí eispéiris a mhalartú maidir leis na bealaí agus na modhanna a úsáidtear chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac, lena n- áirítear eolas teicniúil agus oiliúint, agus trí dhea- chleachtais a mhalartú i ndáil leis an sceimhlitheoireacht a chosc.

AIRTEAGAL 1.8

Síochánaíocht agus Bainistiú Géarchéime

Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun síocháin agus slándáil idirnáisiúnta a chur chun cinn. Déanfaidh siad iniúchadh ar dheiseanna chun gníomhaíochtaí bainistithe géarchéime a chomhordú, lena n- áirítear comhar in oibríochtaí bainistithe géarchéime.

AIRTEAGAL 1.9

Slándáil na Saoránach

Cuirfidh na Páirtithe idirphlé agus comhar chun cinn maidir le slándáil na saoránach. Admhaíonn siad go mbaineann gné náisiúnta, thrasnáisiúnta, réigiúnach agus dhé- réigiúnach le slándáil na saoránach, agus go bhfuil gá le hidirphlé agus comhar níos forleithne ina leith.

CAIBIDIL 2

COMHAR IN EAGRAÍOCHTAÍ IDIRNÁISIÚNTA AGUS RÉIGIÚNACHA

AIRTEAGAL 2.1

Eagraíochtaí Idirnáisiúnta

1. Cuirfidh na Páirtithe iltaobhachas chun cinn agus rachaidh siad i gcomhar trí thuairimí a mhalartú agus, i gcás inarb iomchuí, seasaimh a chomhordú in eagraíochtaí agus fóraim idirnáisiúnta, lena n- áirítear na Náisiúin Aontaithe agus a sainghníomhaireachtaí, an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (dá ngairtear 'EDT' anseo feasta), Grúpa an Fhichead (dá ngairtear 'G20' anseo feasta), agus an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (dá ngairtear 'ECFE' anseo feasta).

2. Coinneoidh na Páirtithe sásraí comhairliúcháin éifeachtacha ar bun ar imeall fóram iltaobhach. Coinneoidh na Páirtithe idirphlé oscailte agus leanúnach ar bun ag Comhairle NA um Chearta an Duine, Comhthionól Ginearálta NA agus, de réir mar is iomchuí agus mar a chomhaontaíonn na Páirtithe, i gcomhlachtaí eile agus sainghníomhaireachtaí eile na Náisiún Aontaithe.

AIRTEAGAL 2.2

Eagraíochtaí Réigiúnacha

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar trí thuairimí a mhalartú maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh, agus, i gcás inarb iomchuí, trí fhaisnéis a chomhroinnt maidir le seasaimh i bhfóraim agus in eagraíochtaí réigiúnacha agus idirnáisiúnta.

2. Cuirfidh na Páirtithe comhar agus idirphlé dé- réigiúnach chun cinn, lena n- áirítear faoi chuimsiú an chomhair idir an tAontas agus Comhphobal Stáit Mhuir Chairib agus Mheiriceá Laidinigh (dá ngairtear ‘CELAC’ anseo feasta). Féadfaidh tacaíocht do chomhtháthú CELAC agus tógáil pobail a bheith san áireamh leis an gcomhar, de réir mar is iomchuí.

3. Cuirfidh na Páirtithe comhar chun cinn i gComhghuaillíocht an Aigéin Chiúin, trína creat do stáit bhreathnóireachta.

4. Cuirfidh na Páirtithe comhar réigiúnach agus triantánach le tríú tíortha chun cinn, i Meiriceá Láir agus i Muir Chairib go príomha.

CAIBIDIL 3

SAOIRSE, SLÁNDÁIL AGUS CEARTAS

AIRTEAGAL 3.1

Comhar Dlíthiúil agus Breithiúnach

1. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar an gcomhar atá ann cheana féin maidir le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach agus eiseachadadh bunaithe ar chomhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha. Neartóidh na Páirtithe na sásraí atá ann cheana agus, de réir mar is iomchuí, breithneoidh siad forbairt a dhéanamh ar shásraí nua chun comhar idirnáisiúnta sa réimse seo a éascú. Áireofar le comhar den sórt sin bearta a dhéanamh chun ionstraimí idirnáisiúnta ábhartha eile a shíniú, a dhaingniú, nó aontú dóibh, de réir mar is iomchuí agus iad a chur chun feidhme go hiomlán, chomh maith le comhar níos dlúithe le Eurojust.

2. Forbróidh na Páirtithe comhar breithiúnach in ábhair shibhialta agus thráchtála, go háirithe, a mhéid a bhaineann le caibidlíocht, daingniú agus cur chun feidhme coinbhinsiún iltaobhach maidir le comhar breithiúnach sibhialta, lena n- áirítear Coinbhinsiúin Chomhdháil na Háige maidir leis an Dlí Idirnáisiúnta Príobháideach i réimse na dlíthíochta agus an chomhair dhlíthiúil idirnáisiúnta chomh maith le cosaint leanaí.

AIRTEAGAL 3.2

Forfheidhmiú an Dlí agus Éilliú agus
Coireacht Eagraithe Thrasnáisiúnta a Chosc agus a Chomhrac

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar agus malartóidh siad tuairimí ar choireacht eagraithe thrasnáisiúnta a chosc agus a chomhrac, gáinneáil ar dhaoine, smuigleáil imirceach, gáinneáil ar airm thine, lena n- áirítear a n- armlón, a bpáirteanna agus a gcomhpháirteanna, coireanna eacnamaíocha agus airgeadais, an fhadhb dhomhanda drugaí, éilliú, agus góchumadh bealaí íocaíochta i gcomhréir lena reachtaíocht faoi seach agus oibleagáidí idirnáisiúnta, lena n- áirítear a mhéid a bhaineann le cúnamh dlíthiúil frithpháirteach, malartú faisnéise, dea- chleachtais agus oiliúint, agus aisghabháil sócmhainní nó cistí arna ngnóthú ó ghníomhaíochtaí coiriúla.

2. Leanfaidh na Páirtithe dá n- idirphlé agus comhar ar fhorfheidhmiú an dlí, rud a chuimsíonn comhar straitéiseach le Europol, agus dá gcomhar breithiúnach straitéiseach, lena n-áirítear comhar le Eurojust, agus nuair is ábhartha, le hinstitiúidí náisiúnta agus idirnáisiúnta eile.

3. Féachfaidh na Páirtithe le dul i gcomhar i bhfóraim idirnáisiúnta chun cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh na Coireachta Eagraithe Trasnáisiúnta, a glacadh an 15 Samhain 2000 le Rún 55/25 ó na Náisiúin Aontaithe (dá ngairtear 'Coinbhinsiún Palermo' anseo feasta) agus na Prótacail lena mbaineann, agus cloí leis an gCoinbhinsiún sin a chur chun cinn.

4. Cuirfidh na Páirtithe cur chun feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe chun cinn, a glacadh an 31 Deireadh Fómhair 2003 le Rún 58/4 ó na Náisiúin Aontaithe, agus tacóidh siad leis an Sásra don Athbhreithniú ar Chur Chun Feidhme Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh an Éillithe a bunaíodh ag Comhdháil na Stát atá ina bPáirtithe i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe in aghaidh Éillithe in Doha, 9–13 Samhain 2009 (dá ngairtear an 'Sásra Athbhreithnithe Cur Chun Feidhme' anseo feasta), lena n- áirítear trí chloí le prionsabal na trédhearcachta agus rannpháirtíocht na sochaí sibhialta sa Sásra Athbhreithnithe Cur Chun Feidhme.

5. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le dul i ngleic le héilliú i dtrádáil agus infheistíocht idirnáisiúnta agus, chuige sin, tá siad tiomanta don Phrótacal maidir le hÉilliú a Chosc agus a Chomhrac atá i gceangal leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 3.3

Imirce, Tearmann agus Bainistiú Teorainneacha

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar agus déanfaidh siad eispéiris agus faisnéis a mhalartú maidir le saincheisteanna imirce, faoi chuimsiú chreat a ndlíthe, rialacháin agus inniúlachtaí faoi seach, lena n- áirítear imirce rialta agus neamhrialta, dul i ngleic le smuigleáil inimirceach agus gáinneáil ar dhaoine, imirce agus forbairt, tearmann, athligean isteach, lánpháirtiú, víosaí, imirce rialta a éascú, rialú imirce, agus bainistiú teorainneacha. Malartóidh na Páirtithe dea- chleachtais maidir le himircigh ban agus linbh a chosaint, go háirithe iad siúd atá neamhthionlactha, chomh maith le grúpaí leochaileacha eile.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun imirce neamhrialta a chosc, chun dul i ngleic le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, agus chun imirce shábháilte, rialta agus ordúil a chothú. Chuige sin, faoi chuimsiú a ndlíthe agus a rialachán faoi seach:

(a) ligfidh Meicsiceo aon duine dá náisiúnaigh isteach athuair a bhfuil sé de dhualgas orthu filleadh ó chríoch Bhallstáit, arna iarraidh sin don Bhallstát sin agus gan breis foirmiúlachtaí, mura ndéantar foráil dá mhalairt le comhaontú sonrach;

(b) ligfidh gach Ballstát aon duine dá náisiúnaigh isteach an athuair a bhfuil sé de dhualgas orthu filleadh ó chríoch Mheicsiceo, arna iarraidh sin do Mheicsiceo agus gan breis foirmiúlachtaí, mura ndéantar foráil dá mhalairt le comhaontú sonrach;

(c) soláthróidh na Ballstáit agus Meicsiceo doiciméid taistil iomchuí dá náisiúnaigh chun na gcríoch sin dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b), nó glacfaidh siad le húsáid dhoiciméid taistil an Aontais chun filleadh;

(d) féachfaidh na Páirtithe le comhaontú sonrach a chaibidliú ina saineofar oibleagáidí maidir le hathligean isteach náisiúnach, lena n- áirítear modhanna fianaise maidir le náisiúntacht. Bunófar na coinníollacha maidir le náisiúnaigh tríú tír a athligean isteach leis an gcomhaontú sin.

AIRTEAGAL 3.4

An Fhadhb Dhomhanda Drugaí

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun cur chuige cothrom agus comhtháite a áirithiú maidir le saincheisteanna a bhaineann le drugaí d'fhonn:

(a) comhiarrachtaí a dhéanamh i dtreo chur chun feidhme éifeachtach na moltaí oibriúcháin ó Sheisiún Speisialta 2016 Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe ar an bhFadhb Dhomhanda Drugaí (UNGASS 2016);

(b) aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí sláinte agus sóisialta na faidhbe domhanda drugaí, le beartais a bheidh dírithe ar fhorbairt inbhuanaithe a bhaint amach, trí thionscnaimh chuimsitheacha fianaise- bhunaithe chun an t- éileamh a laghdú ar gach leibhéal lena gcumhdófar go háirithe cláir choisc, chóireála, athshlánaithe agus ath- imeasctha shóisialta;

(c) infheistiú i gcóireáil agus feasacht a ardú maidir le freagraí sláinte poiblí ar úsáid drugaí sna córais sláinte náisiúnta;

(d) taighde eipidéimeolaíoch a neartú agus feabhas níos mó a chur ar infhaighteacht chórasach agus cáilíocht na faisnéise staitistiúla ar fud na réimsí drugaí uile;

(e) cur chuige sláinte poiblí a áirithiú lena gcuirfear chun cinn infhaighteacht substaintí rialaithe agus rochtain orthu chun críoch leighis agus eolaíochta, fad is a chuirfear cosc ar a n- atreorú chuig an margadh aindleathach;

(f) soláthar, gáinneáil agus an t- éileamh ar dhrugaí aindleathacha agus substaintí sícighníomhacha nua a laghdú, lena n- áirítear trí mhalartú faisnéise agus gníomhaíochtaí comhair eile de réir mar is iomchuí;

(g) dearcadh maidir le hinscne agus cearta an duine a phríomhshruthú sna beartais drugaí agus cláir drugaí uile;

(h) cur i bhfeidhm rogha eile seachas smachtbhannaí comhéigneacha a spreagadh i ndáil le daoine a rinne cionta a bhaineann le drugaí nó an dlí maidir le drugaí;

(i) aghaidh a thabhairt ar atreorú réamhtheachtaithe ceimiceacha, ceimiceán fíor- riachtanach agus táirgí nó ullmhóidí ina bhfuil siad, a úsáidtear i dtáirgeadh aindleathach drugaí támhshuanacha agus substaintí síceatrópacha agus substaintí sícighníomhacha nua.

2. Rachaidh na Páirtithe i gcomhar chun na cuspóirí sin a bhaint amach, lena n- áirítear, nuair is féidir, spreagadh a thabhairt do thríú tíortha coinbhinsiúin agus prótacail idirnáisiúnta um rialú drugaí atá ann cheana féin, agus a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu, a dhaingniú agus a chur chun feidhme mura ndearna siad amhlaidh cheana. Bunóidh na Páirtithe a ngníomhaíochtaí ar a ndlíthe agus a rialacháin is infheidhme, ar phrionsabail a nglactar leo go coiteann i gcomhréir le coinbhinsiúin ábhartha NA maidir le rialú drugaí, agus ar na moltaí a leagtar amach i ndoiciméad toraidh UNGASS 2016 dar teideal *'Our joint commitment to effectively addressing and countering the world drug problem' [Ár ngealltanas comhpháirteach chun aghaidh a thabhairt ar an bhfadhb dhomhanda drugaí agus chun í a chomhrac ar bhealach éifeachtach]*, mar an comhdhearcadh idirnáisiúnta is déanaí ar an mbeartas idirnáisiúnta drugaí, d'fhonn breithniú a dhéanamh ar chur chun feidhme na ngealltanas a rinneadh chun aghaidh a thabhairt go comhpháirteach ar an bhfadhb dhomhanda drugaí agus chun í a chomhrac, go háirithe i bhfianaise an spriocdháta 2019.

AIRTEAGAL 3.5

Sciúradh Airgid agus Maoiniú Sceimhlitheoireachta

Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar d'fhonn cosc a chur ar úsáid a bhaint as a gcuid institiúidí airgeadais agus a gcuid gnólachtaí agus gairmeacha neamh- airgeadais ainmnithe chun fáltais ó ghníomhaíochtaí coiriúla a sciúradh nó chun sceimhlitheoireacht a mhaoiniú, agus chun úsáid den sórt sin a chomhrac go héifeachtach. Chuige sin, déanfaidh siad faisnéis a mhalartú i gcomhréir lena reachtaíocht faoi seach agus oibreoidh siad i gcomhar chun cur chun feidhme iomlán agus éifeachtach mholtaí an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais (dá ngairtear 'TFGA' anseo feasta) agus caighdeáin eile arna nglacadh ag comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha eile sa réimse seo, a áirithiú. Féadfar na nithe seo a leanas, i measc nithe eile, a áireamh leis an gcomhar sin, aisghabháil, gabháil, coigistiú, rianú, sainaithint agus aischur sócmhainní nó cistí a bhaineann leis na torthaí ar ghníomhaíocht chóiriúil nó maoiniú sceimhlitheoireachta.

AIRTEAGAL 3.6

Cibearchoireacht

1. Aithníonn na Páirtithe gur fadhb dhomhanda í an chibearchoireacht agus gur gá freagairt dhomhanda a thabhairt uirthi. Neartóidh na Páirtithe an comhar chun an chibearchoireacht a chosc agus a chomhrac trí fhaisnéis, dea- chleachtais agus treochtaí a mhalartú, i gcomhréir lena reachtaíocht faoi seach, agus leis na hionstraimí dlíthiúla idirnáisiúnta ábhartha maidir leis an gcibearchoireacht. Oibreoidh na Páirtithe le chéile, de réir mar is iomchuí, chun cúnamh agus tacaíocht a sholáthar do Stáit eile maidir le dlíthe, beartais agus cleachtais éifeachtacha a fhorbairt chun an chibearchoireacht a chomhrac.

2. Déanfaidh na Páirtithe an méid seo a leanas, de réir mar is iomchuí, i gcomhréir lena reachtaíocht faoi seach, faisnéis, eispéiris agus dea- chleachtais a mhalartú i réimsí amhail oideachas agus oiliúint a chur ar imscrúdaitheoirí cibearchoireachta, imscrúduithe cibearchoireachta agus fóiréinsic dhigiteach a dhéanamh ag díriú ar theacht i dtír gnéasach ar leanaí a chomhrac agus bonneagar criticiúil a chosaint amhail na hearnálacha airgeadais, fuinnimh agus teileachumarsáide, i measc nithe eile.

AIRTEAGAL 3.7

Sonraí Pearsanta a Chosaint

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann leis na cearta bunúsacha chun príobháideachais agus chun cosaint sonraí pearsanta a chosaint. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun urramú na gceart bunúsach sin a áirithiú, lena n- áirítear i réimse fhorfheidhmiú an dlí agus chun sceimhlitheoireacht agus coireanna tromchúiseacha trasnáisiúnta eile a chosc agus a chomhrac.

2. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun ardleibhéal cosanta a chur chun cinn le haghaidh sonraí pearsanta. Féadfar forbairt acmhainní, cúnamh teicniúil, malartú faisnéise agus saineolais, agus comhar trí chomhpháirteanna rialála i gcomhlachtaí idirnáisiúnta a áireamh leis an gcomhar ar leibhéil dhéthaobhacha agus iltaobhacha de réir mar a chomhaontaíonn na Páirtithe go frithpháirteach.

AIRTEAGAL 3.8

Beartas Tomhaltóirí

Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le hardleibhéal cosanta tomhaltóirí a áirithiú agus, chuige sin, féachfaidh siad le dul i gcomhar sa réimse a bhaineann le beartas tomhaltóirí. A mhéid is féidir, féadfaidh an méid seo a leanas a bheith i gceist le comhar den sórt sin:

(a) faisnéis a mhalartú maidir lena gcreataí cosanta tomhaltóirí faoi seach, lena n- áirítear maidir le dlíthe tomhaltóirí, sábháilteacht táirgí tomhaltóirí, sásamh tomhaltóirí agus forfheidhmiú na reachtaíochta maidir le tomhaltóirí;

(b) forbairt comhlachas tomhaltóirí neamhspleách agus teagmhálacha idir ionadaithe tomhaltóirí a spreagadh.

AIRTEAGAL 3.9

Cosaint Chonsalach

Aontaíonn Meicsiceo go gcuirfidh údaráis taidhleoireachta agus chonsalacha aon Bhallstáit den Aontas a bhfuil ionadaíocht á déanamh air cosaint ar fáil d'aon náisiúnach de chuid Ballstáit nach bhfuil buanionadaíocht aige i Meicsiceo atá in ann cosaint chonsalach a chur ar fáil go héifeachtach i gcás ar leith, faoi na coinníollacha céanna a bhaineann le náisiúnaigh an Bhallstáit sin.

AIRTEAGAL 3.10

Bainistiú Rioscaí Tubaiste agus Cosaint Shibhialta

Aithníonn na Páirtithe gur gá bainistiú a dhéanamh ar rioscaí tubaiste nádúrtha agus de dhéanamh an duine ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal domhanda. Dearbhaíonn na Páirtithe a gcomhghealltanas maidir le bearta coiscteacha, maolaithe, ullmhachta, luathrabhaidh, freagartha agus téarnaimh a fheabhsú chun athléimneacht a sochaithe agus a mbonneagar a mhéadú, agus chun dul i gcomhar, de réir mar is iomchuí, ar leibhéal déthaobhach agus ar leibhéal iltaobhach chun torthaí bainistithe rioscaí tubaiste domhanda a fheabhsú atá ailínithe le Creat Sendai um Laghdú Rioscaí Tubaiste 2015- 2030, i gcomhleanúnachas le SDGanna, Comhaontú Pháras ar Athrú Aeráide (dá ngairtear 'Comhaontú Pháras' anseo feasta) agus an Clár Oibre Uirbeach Nua.

CAIBIDIL 4

FORBAIRT INBHUANAITHE

AIRTEAGAL 4.1

Forbairt Inbhuanaithe

1. Athdhearbhaíonn na Páirtithe a ngealltanas chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, mar a léiríodh i gClár Oibre 2030. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil gá le fás eacnamaíoch cuimsitheach, folláine shóisialta agus úsáid inbhuanaithe acmhainní nádúrtha chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach san fhadtéarma. Aithnítear go bhfuil na trí ghné sin idirnasctha go daingean agus go dtreisítear iad go frithpháirteach.

2. Cuirfidh na Páirtithe forbairt inbhuanaithe chun cinn ina trí ghné, na gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil, ar bhealach cothrom, lena n- áirítear úsáid fhreagrach, éifeachtúil agus bainistíocht inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha, i gcomhréir lena dtosaíochtaí agus a ndálaí féin, chomh maith le feasacht a ardú ar chostais eacnamaíocha agus shóisialta an damáiste don chomhshaol, patrúin neamh- inbhuanaithe táirgthe agus tomhaltais, agus a thionchar gaolmhar ar fholláine an duine.

3. Cuirfidh na Páirtithe forbairt inbhuanaithe chun cinn chun daoine a chuimsiú, trí idirphlé, gníomhaíocht chomhpháirteach, comhroinnt dea- chleachtas, dea- rialachas ar gach leibhéal, agus slógadh acmhainní airgeadais, agus an úsáid is fearr is féidir á baint as ionstraimí airgeadais atá ann cheana féin agus iniúchadh á dhéanamh ar an bhféidearthacht ionstraimí airgeadais nua a bhunú.

AIRTEAGAL 4.2

Comhar um Fhorbairt Inbhuanaithe

1. Is é príomhchuspóir an chomhair um fhorbairt Clár Oibre 2030 a chur chun feidhme, ina ghné ilghnéitheach atá dírithe ar an duine, agus na SDGanna a bhaint amach. Maidir le prionsabail an chomhair éifeachtaigh um fhorbairt mar a léirítear sa Chomhpháirtíocht Dhomhanda maidir le Comhar um Fhorbairt Éifeachtach, a chuireann le Dearbhú Pháras maidir le hÉifeachtacht na Cabhrach, a glacadh ag an bhFóram Ardleibhéil maidir le hÉifeachtacht Cabhrach i bPáras an 2 Márta 2005 agus Clár Oibre Gníomhaíochta Accra, a formhuiníodh ag an bhFóram Ardleibhéil maidir le hÉifeachtacht Cabhrach in Accra an 4 Meán Fómhair 2008, is uirlisí tábhachtacha na prionsabail sin chun a thionchar forbartha a uasmhéadú.

2. Tabharfaidh na Páirtithe aghaidh ar na dúshláin a bhaineann le SDGanna a bhaint amach trí thosaíocht a thabhairt d’úinéireacht náisiúnta agus riachtanais gach Páirtí, agus an comhthéacs réigiúnach á chur san áireamh, agus sineirgí agus comhpháirtíochtaí forbartha a thógáil le raon páirtithe leasmhara sa réimse, lena n- áirítear an tsochaí shibhialta, rialtais áitiúla, an earnáil phríobháideach nó eagraíochtaí neamhbhrabúsacha. Le linn do na Páirtithe ról lárnach na Rialtas i gcur chun cinn na forbartha a aithint, rachaidh na Páirtithe i gcomhar freisin chun glacadh beartas forbartha inbhuanaithe ag an earnáil phríobháideach, FBManna go háirithe, ina cuid cleachtas a chur chun cinn.

3. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun éifeachtúlacht acmhainní domhanda agus inbhuanaitheacht i bpátrúin tomhaltais agus táirgthe a fheabhsú de réir a chéile, i gcomhréir le creataí idirnáisiúnta comhaontaithe, agus féachfaidh siad le bearta a dhéanamh atá dírithe ar fhás eacnamaíoch a dhíchúpláil ó dhíghrádú comhshaoil.

4. Eagróidh na Páirtithe idirphlé beartais tráthrialta maidir le forbairt inbhuanaithe agus baint amach na SDGanna, bunaithe ar thosaíochtaí coiteanna chun cáilíocht agus éifeachtacht a chomhair um fhorbairt a fheabhsú, i gcomhréir le prionsabail maidir le héifeachtacht chabhrach agus forbartha arna nglacadh go hidirnáisiúnta.

5. Caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta a phríomhshruthú ina bpleananna earnála agus trasearnála, cláir agus beartais thar earnálacha ábhartha, agus creataí dlíthiúla, institiúideacha agus rialála intíre a neartú; aithníonn na Páirtithe go bhféadfaidh na nithe sin rannchuidiú le tionchair dhearfacha a chruthú don bhithéagsúlacht agus dá seirbhísí éiceachórais chomh maith le forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Dá réir sin, oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun príomhshruthú na bithéagsúlachta a chomhtháthú isteach in earnálacha ábhartha, de réir mar is infheidhme, chun iarrachtaí a fheabhsú chun stop a chur le caillteanas bithéagsúlachta agus chun folláine an duine a fheabhsú.

6. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun gníomhaíochtaí comhpháirteacha a dhéanamh, lena n- áirítear trí chomhordú déthaobhach i bhfóraim iltaobhacha ábhartha, chomh maith le comhar réigiúnach agus triantánach bunaithe ar shásraí agus tionscnaimh atá ann cheana féin de rogha, i bhfianaise a n- idirphlé forbartha inbhuanaithe agus a dtiomantas do Chlár Oibre 2030. Féadfar iad seo a leanas a áireamh leis na réimsí comhair:

(a) spriocanna agus cuspóirí na spriocanna forbartha inbhuanaithe (SDGanna) a chur chun feidhme;

(b) cosaint an chomhshaoil, ar gach leibhéal, lena n- áirítear acmhainní nádúrtha a chaomhnú agus úsáid inbhuanaithe a bhaint astu;

(c) athrú aeráide, athléimneacht, bainistiú rioscaí tubaiste agus fuinneamh inbhuanaithe;

(d) an nasc idir slándáil agus forbairt, lena n- áirítear cobhsaíocht agus slándáil a chothú, tacú leis an smacht reachta, dul i ngleic leis an bhfadhb dhomhanda drugaí agus coireacht eagraithe thrasnáisiúnta;

(e) fás cuimsitheach agus cruthú post;

(f) rialachas, lena n- áirítear rialachas fioscach, eacnamaíoch, comhshaoil agus sóisialta a neartú;

(g) oideachas, lena n- áirítear ardoideachas, oiliúint theicniúil agus gairmoiliúint, fothú acmhainneachta, nuálaíocht, agus malartuithe sna réimsí sin; agus

(h) straitéisí rannpháirtíochta na hearnála príobháidí.

7. Leanfaidh na Páirtithe dá ngníomhaíochtaí comhair thriantánaigh a fhorbairt chun tacú le tríú tíortha SDGanna a chur chun feidhme, lena n- áirítear na Tíortha is Lú Forbairt (TLFanna) agus tíortha eile i mbéal forbartha atá leochaileach, amhail Stáit Oileánacha Bheaga i mBéal Forbartha (SIDS). Maidir leis sin, déanfaidh na Páirtithe iniúchadh ar mhódúlachtaí rannpháirtíochta nuálacha, lena n- áirítear do thíortha i mbéal forbartha atá céim chun tosaigh, de réir mar is iomchuí. Is é a bheidh i gceist le comhar triantánach tacú le straitéisí saincheaptha agus gníomhaíochtaí comhaontaithe bunaithe ar riachtanais tríú tíortha. Chuige sin, forbróidh na Páirtithe gníomhaíochtaí comhair comhordaithe amhail cúnamh teicniúil, oiliúint, fothú acmhainneachta, comhroinnt eolais, agus cineálacha eile comhair a shainítear go comhpháirteach idir na Páirtithe agus leis an tríú tír is faighteoir.

8. Féadfaidh an comhar sin tarlú ar na bealaí seo a leanas, i measc bealaí eile:

(a) fothú acmhainneachta agus comhroinnt eolais trí chúrsaí oiliúna, ceardlanna agus seimineáir, malartú saineolaithe, staidéir, agus comhthaighde;

(b) acmhainní airgeadais a úsáid trí oibríochtaí measctha i gcomhpháirtíocht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus institiúidí maoinithe forbraíochta Eorpacha incháilithe eile;

(c) cineálacha eile maoinithe forbraíochta a bhreithniú de réir mar is iomchuí, ag díriú ar shásraí maoinithe nuálacha, amhail comhar triantánach; agus

(d) faisnéis a mhalartú faoi na dea- chleachtais maidir le héifeachtacht forbartha.

9. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun cuntasacht agus trédhearcacht a neartú agus díreoidh siad ar thorthaí forbartha a fheabhsú agus rachaidh siad i gcomhar chun córais náisiúnta a neartú d’fhonn seirbhísí inbhuanaithe a sholáthar agus breithnithe inscne a phríomhshruthú thar chláir agus ionstraimí.

10. Rachfar i mbun comhar um fhorbairt i gcomhréir leis na prionsabail agus na beartais ábhartha arna gcomhaontú go hidirnáisiúnta lenar chloígh an dá Pháirtí.

AIRTEAGAL 4.3

An Clár Oibre Uirbeach Inbhuanaithe

Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun beartais a chur chun feidhme lena gcuirfear lonnaíochtaí uirbeacha inbhuanaithe chun cinn, lena n- áirítear iad sin a eascraíonn as an gClár Oibre Uirbeach Nua, a bhfuil sé d'aidhm acu cathracha agus lonnaíochtaí daoine a chruthú ina mbeidh cearta comhionanna agus comhdheiseanna ag gach duine, chomh maith lena saoirsí bunúsacha, i gcomhréir leis na SDGanna agus spriocanna, go háirithe Sprioc 11: 'Cathracha agus lonnaíochtaí don duine a dhéanamh cuimsitheach, sábháilte, athléimneach agus inbhuanaithe'.

AIRTEAGAL 4.4

An Beartas Réigiúnach agus Uirbeach a Fhorbairt

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le beartais chun forbairt chríochach agus uirbeach chothrom agus inbhuanaithe a chur chun cinn mar bhealach chun rannchuidiú go héifeachtach le cur chun feidhme chuspóirí Chlár Oibre 2030 agus an Chláir Oibre Uirbigh Nua.

2. Cuirfidh na Páirtithe comhar agus comhpháirtíocht chun cinn, a mbeidh na príomhghníomhairí uile i réimsí na forbartha réigiúnaí agus críochaí agus na forbartha uirbí inbhuanaithe páirteach ann, go háirithe maidir le bealaí chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin chríochacha agus uirbeacha ar bhealach comhtháite agus cuimsitheach.

3. Forbróidh na Páirtithe, cibé uair is féidir, deiseanna coincréiteacha le haghaidh comhair idir réigiúin agus idir cathracha maidir le réitigh inbhuanaithe ar dhúshláin réigiúnacha agus uirbeacha d'fhonn fothú acmhainneachta a fheabhsú trí thaithí agus cleachtas a mhalartú, agus trí fhoghlaim fhrithpháirteach.

CAIBIDIL 5

AN COMHSHAOL, AN tATHRÚ AERÁIDE AGUS FUINNEAMH

AIRTEAGAL 5.1

An comhshaol

1. Aithníonn na Páirtithe an gá le hacmhainní nádúrtha agus éagsúlacht bhitheolaíoch a chosaint, a chaomhnú, a aischur agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe, lena n- áirítear ithir, talamh, foraoisí, uisce, aigéin, farraigí agus acmhainní muirí, mar bhonn le haghaidh forbairt inbhuanaithe a thacóidh le riachtanais na nglúnta atá ann faoi láthair agus atá le teacht.

2. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le rialachas comhshaoil domhanda agus rialacha idirnáisiúnta, lena n- áirítear comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha, chun dul i ngleic le dúshláin chomhshaoil ar ábhair imní choiteanna iad. Athdhearbhaíonn gach Páirtí a ghealltanas i dtaobh na comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha ar páirtí iontu é a chur chun feidhme.

3. Neartóidh na Páirtithe a gcomhar i réimsí tosaíochta arna gcomhaontú go frithpháirteach maidir le cosaint an chomhshaoil, caomhnú, úsáid fhreagrach, éifeachtúil agus bainistiú inbhuanaithe acmhainní nádúrtha, agus maidir le breithnithe comhshaoil a phríomhshruthú in earnálacha uile an chomhair, lena n- áirítear i gcomhthéacs idirnáisiúnta agus réigiúnach. Féadfar iad seo a leanas a áireamh leis na réimsí tosaíochta sin:

(a) dea- rialachas comhshaoil a chur chun cinn, lena n- áirítear idirphlé beartais agus réimsí comhair amhail cur chun feidhme na rún ó Chomhthionól Comhshaoil na Náisiún Aontaithe agus comhaontuithe comhshaoil iltaobhacha, chomh maith le comhlíonadh an dlí maidir leis an gcomhshaol a chur chun cinn;

(b) tosaíochtaí déthaobhacha a shainaithint agus faisnéis, saineolas teicniúil, teicneolaíocht, agus aistriú eolais, agus dea- chleachtais a mhalartú i réimsí amhail:

(i) reachtaíocht chomhshaoil a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú;

(ii) fás glas, lena n- áirítear tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe, éifeachtúlacht acmhainní, an geilleagar ciorclach, agus maoiniú glas;

(iii) príomhshruthú na bithéagsúlachta in earnálacha eacnamaíocha agus táirgiúla;

(iv) foraoisí a chosaint, a chaomhnú agus a bhainistiú ar bhealach inbhuanaithe;

(v) cosaint, caomhnú agus úsáid inbhuanaithe na bithéagsúlachta, lena n- áirítear mapáil agus measúnú a dhéanamh ar éiceachórais agus a gcuid seirbhísí, iad a luacháil, agus ionstraimí eacnamaíocha eile chun an bhithéagsúlacht a chosaint, chomh maith le rochtain ar acmhainní géiniteacha agus comhroinnt chóir agus chothrom na dtairbhí a eascróidh as a n- úsáid;

(vi) díghrádú talún agus gaineamhlú;

(vii) buaint agus trádáil neamhdhleathach fiadhúlra, acmhainní foraoise agus acmhainní géiniteacha a chosc agus a chomhrac, agus tacú lena dtrádáil dhlíthiúil inbhuanaithe agus inrianaithe;

(viii) bainistiú fónta ceimiceán agus dramhaíola;

(ix) Bainistiú Comhtháite Acmhainní Uisce (dá ngairtear 'IWRM' anseo feasta), beartas aeir agus ithreach;

(x) bainistiú agus caomhnú na muirthimpeallachta agus an chósta agus geilleagar gorm inbhuanaithe;

(xi) ainmniú, ionadaíochas, bainistiú éifeachtach agus nascacht limistéir faoi chosaint, chomh maith le bearta caomhnaithe éifeachtacha limistéar- bhunaithe eile (OECManna), lena n- áirítear limistéir mhuirí faoi chosaint; agus

(xii) comhar leis an earnáil phríobháideach sna réimsí dá dtagraítear sa phointe seo, a mhéid is féidir.

AIRTEAGAL 5.2

An tAthrú Aeráide

1. Admhaíonn na Páirtithe go bhfuil gá le gníomhaíocht chomhchoiteann ar mhaithe le forbairt íseal- astaíochtaí agus aeráid- díonach, chomh maith le bearta oiriúnúcháin, chun aghaidh a thabhairt ar bhagairt phráinneach an athraithe aeráide.

2. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá rialacha agus comhaontuithe idirnáisiúnta i réimse an athraithe aeráide, go háirithe Creat- Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide, a rinneadh i Nua- Eabhrac an 9 Bealtaine 1992 (dá ngairtear ‘UNFCCC’ anseo feasta), agus Comhaontú Pháras, agus cuireann siad i dtábhacht go bhfuil a gcur chun feidhme dochúlaithe agus athdhearbhaíonn siad a ngealltanais faoi na comhaontuithe sin.

3. Oibreoidh na Páirtithe le chéile chun a gcomhar a neartú faoi UNFCCC, chun Comhaontú Pháras a chur chun feidhme mar aon lena rannchuidithe arna gcinneadh go náisiúnta (dá ngairtear ‘NDCanna’ anseo feasta), chomh maith le cuireadh a thabhairt do thíortha eile déanamh amhlaidh agus a straitéisí forbartha fadtéarmacha um astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa a fhorbairt.

4. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh leis an gcomhar sin:

(a) tuilleadh gníomhaíochta a éascú, chun cur le díospóireachtaí náisiúnta agus obair beartais;

(b) tacú le forbairt eacnamaíoch ísealcharbóin i gcomhréir le Comhaontú Pháras;

(c) na NDCanna a leathnú isteach i mbeartais agus bearta earnála náisiúnta lena gcumhdaítear straitéisí earnálacha iompair, fuinnimh, bonneagair, pleanála uirbí, úsáide talún agus infheistíochta, lena n- áirítear na próisis oiriúnúcháin a chomhtháthú sna straitéisí forbartha earnála;

(d) tacú leis an idirphlé éascaitheach agus sainmhíniú luath na mbeart chun athbhreithniú a dhéanamh ar an ngníomhaíocht aeráide i ngach tír;

(e) clár oibre um thrédhearcacht a fhorbairt faoi Chomhaontú Pháras, lena n- áirítear idirphlé beartais agus comhar i réimsí tosaíochta arna gcomhaontú go frithpháirteach;

(f) próisis eile a fheabhsú amhail cobhsú astaíochtaí eitlíochta idirnáisiúnta na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (dá ngairtear 'ICAO' anseo feasta) ag leibhéil 2020, glacadh agus foirmliú *'Comprehensive strategy on reduction of greenhouse gas emissions from ships' [Straitéis chuimsitheach maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa ó longa a laghdú]* ón Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta (dá ngairtear 'IMO' anseo feasta), nó laghdú uaillmhianach hidreafluaracarbón (dá ngairtear 'HFCanna' anseo feasta) faoin Leasú ar Phrótacal Montréal um Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin, a glacadh in Kigali an 15 Deireadh Fómhair 2016 lena n- áirítear a dhaingniú agus a áirithiú go gcuirfear chun feidhme é go gasta chun laghdú domhanda uaillmhianach ar thomhaltas agus tháirgeadh HFCanna a bhaint amach;

(g) Cláir agus beartais aeráide náisiúnta a chur chun cinn faoi chuimsiú Chomhaontú Pháras, lena n- áirítear faireachán ar astaíochtaí a chur chun cinn, mar aon le sásraí margaidh agus neamh- mhargaidh, forbairt bonneagair inbhuanaithe agus aeráid- díonach, fuinneamh in- athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh, iompar inbhuanaithe chomh maith leo sin ina dtugtar aghaidh ar éifeachtaí díobhálacha an dífhoraoisithe, díghrádú foraoise, ithreach agus na n- éiceachóras uile ar an aeráid;

(h) sineirgí le fiontraithe, eagraíochtaí na sochaí sibhialta agus údaráis áitiúla a neartú, chun cur leis na hiarrachtaí a dhéanann na Stáit;

(i) rannpháirtíocht na hearnála príobháidí i dtreo geilleagar ísealcharbóin;

(j) bearta margadhbhunaithe a chur chun cinn chun praghsáil carbóin agus an prionsabal 'costas an truaillithe ar an truaillitheoir' a thabhairt isteach;

(k) feabhas a chur ar fhorbairt agus cur in úsáid teicneolaíochtaí íseal- astaíochtaí atá inmharthana ó thaobh tráchtála de agus teicneolaíochtaí eile atá neamhdhíobhálach don aeráid;

(l) deireadh a chur le fóirdheontais ar bhreoslaí iontaise de réir a chéile, agus forbairt geilleagair inbhuanaithe agus ísealcharbóin a chur chun cinn, amhail infheistíocht i bhfuinnimh in- athnuaite agus réitigh atá tíosach ar fhuinneamh;

(m) idirphlé déthaobhach a fheabhsú, mar aon le bearta maidir le hoiriúnú, maolú agus bealaí cur chun feidhme, lena n- áirítear aistriú teicneolaíochta, fothú acmhainneachta agus maoiniú;

(n) breithniú ar chuir chuige thrasnaí i ndáil le hinscne agus an óige a chothú i gcur chun feidhme Chlár Oibre 2030 agus Chomhaontú Pháras;

(o) beartais a chur chun cinn maidir le tionchair aeráide ar acmhainní uisce;

(p) Comhshocrú Pháras ar Uisce agus ar an Oiriúnú don Athrú Aeráide in Abhantracha, Lochanna agus Uiscígh a chur chun feidhme, a cuireadh i láthair ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir leis an Athrú Aeráide i bPáras an 2 Nollaig 2015 chomh maith le Clár Oibre Gníomhaíochta Líoma- Pháras a seoladh ag an gCruinniú Mullaigh Aeráide i Nua- Eabhrac an 23 Meán Fómhair 2014;

(q) scéimeanna comhair a neartú chun NDCanna níos uaillmhianaí a áirithiú sa todhchaí agus próiseas an athbhreithnithe dhomhanda á chur san áireamh.

## AIRTEAGAL 5.3

## Fuinneamh

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá earnáil an fhuinnimh do rathúnas eacnamaíoch agus do shíocháin agus cobhsaíocht idirnáisiúnta agus cuireann siad i dtábhacht go bhfuil claochlú earnáil an fhuinnimh fíorthábhachtach chun na spriocanna a leagadh amach i gClár Oibre 2030 agus Comhaontú Pháras a bhaint amach. Aithníonn siad an gá le soláthairtí fuinnimh a fheabhsú agus a éagsúlú (lena n- áirítear fuinneamh in- athnuaite a chur chun cinn), le nuálaíocht, taighde, forbairt agus oiliúint d’acmhainní daonna a chur chun cinn, chomh maith le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú chun táirgiúlacht fuinnimh, slándáil fuinnimh, agus fuinneamh sábháilte, in- athnuaite agus inacmhainne a neartú. Oibreoidh na Páirtithe i dtreo na gcuspóirí sin.

2. Coinneoidh na Páirtithe malartuithe faisnéise ar bun maidir le fuinneamh agus rachaidh siad i gcomhar ar bhonn déthaobhach, réigiúnach agus iltaobhach chun margaí oscailte agus iomaíocha a chothú, dea- chleachtais a chomhroinnt, rialú trédhearcach atá bunaithe ar an eolaíocht a chur chun cinn, agus réimsí comhair a phlé i ndáil le saincheisteanna fuinnimh, amhail faoi chuimsiú fóram idirnáisiúnta, sásraí agus tionscnamh.

## CAIBIDIL 6

## TALMHAÍOCHT, GNÓTHAÍ MUIRÍ AGUS IASCAIGH

### AIRTEAGAL 6.1

### Comhar i dTalmhaíocht agus Forbairt Tuaithe

Rachaidh na Páirtithe i gcomhar maidir leis an méid seo a leanas, i measc nithe eile:

(a) beartas talmhaíochta agus forbartha tuaithe;

(b) ionchas an mhargaidh talmhaíochta;

(c) bainistíocht inbhuanaithe acmhainní nádúrtha agus gníomhú ar son na haeráide;

(d) talmhaíocht inbhuanaithe agus athléimneach trí fheasacht a chur chun cinn faoi *'Principles for Responsible Investment in Agriculture and Food Systems' [Prionsabail maidir le hInfheistíocht Fhreagrach i gCórais Talmhaíochta agus Bhia]* agus *'Voluntary Guidelines on Responsible Governance of Tenure of Land, Fisheries and Forests in the Context of National Food Security' [Treoirlínte Deonacha maidir le Rialachas Freagrach ar Thionacht Talún, Iascaigh agus Foraoisí]* ón gCoiste maidir le Sábháilteacht Sholáthar Bia an Domhain;

(e) forbairt tuaithe a chothú trí fhothú acmhainneachta maidir le saincheisteanna a bhaineann le trádáil, lena n- áirítear tásca geografacha mar cheart maoine intleachtúla;

(f) an fheirmeoireacht orgánach;

(g) taighde agus nuálaíocht;

(h) próisis táirgthe inbhuanaithe a eagrú agus a fhorbairt san earnáil agraibhia (talmhaíocht agus beostoc);

(i) eagrú agus forbairt tháirgiúil pobal tuaithe;

(j) slándáil bia;

(k) caillteanas agus cur amú bia tar éis buainte a chosc;

(l) taighde ardleibhéil chun táirgí talmhaíochta agus táirgí ó ainmhithe a tháirgeadh agus a bhainistiú; agus

(m) táirgí talmhaíochta agus bia a phróiseáil.

## AIRTEAGAL 6.2

## Gnóthaí Muirí agus Iascaigh

1. Aithníonn na Páirtithe an tábhacht a bhaineann le caomhnú agus bainistiú inbhuanaithe agus freagrach iascach, an dobharshaothraithe agus gníomhaíochtaí muirí eile agus an méid a rannchuidíonn siad le deiseanna eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil a sholáthar do na glúnta atá ann agus do na glúnta atá le teacht.

2. Neartóidh na Páirtithe an t-  idirphlé agus an comhar maidir le saincheisteanna leasa fhrithpháirtigh i réimsí an iascaigh agus na ngnóthaí muirí.

3. Déanfaidh na Páirtithe an méid seo a leanas, ar bhealach a bheidh i gcomhréir lena n-  oibleagáidí idirnáisiúnta:

(a) rannchuidiú le feabhas a chur ar an gcóras domhanda rialachais aigéin, lena n-  áirítear trí bhearnaí rialála agus cur chun feidhme a líonadh agus trí dhaingniú agus cur chun feidhme ionstraimí ábhartha sna hearnálacha muirí agus iascaigh le tríú tíortha a chur chun cinn;

(b) bearta éifeachtacha faireacháin, rialaithe agus faireachais a ghlacadh, amhail scéimeanna breathnóra, scéimeanna maidir le faireachán ar shoithí, trasloingsiú a rialú, cigireachtaí ar muir, bearta stát an chalafoirt, agus smachtbhannaí gaolmhara, arb é is aidhm dóibh stoic éisc a chaomhnú agus ró-  iascaireacht a chosc;

(c) gníomhartha a choinneáil ar bun nó a ghlacadh agus dul i gcomhar chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (dá ngairtear 'NNN' anseo feasta) a chomhrac, lena n-  áirítear, i gcás inarb iomchuí, faisnéis a mhalartú faoi ghníomhaíochtaí NNN ina gcuid uiscí agus beartais agus bearta a chur chun feidhme chun táirgí NNN a eisiamh ó shreabha trádála agus ó oibríochtaí feirmeoireachta éisc;

(d) oibriú i gcomhar le heagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh a bhfuil an dá Pháirtí ina mball díobh, ina mbreathnóirí ina leith, nó ina bpáirtithe neamhchonarthacha comhoibríocha iontu, agus, i gcás inarb iomchuí, oibriú i gcomhar sna heagraíochtaí sin, agus é mar aidhm acu dea-  rialachas a bhaint amach, lena n-  áirítear trí thacú le cinntí eolaíocht-  bhunaithe agus le comhlíonadh na gcinntí sin sna heagraíochtaí sin;

(e) forbairt próiseas táirgthe inbhuanaithe a chur chun cinn, atá freagrach ó thaobh an chomhshaoil de agus iomaíoch go heacnamaíoch, i dtionscal an dobharshaothraithe fionnuisce agus mhuirí;

(f) sábháilteacht agus slándáil na n- aigéan a neartú;

(g) brúnna ar na haigéin a laghdú, lena n- áirítear tríd an gcomhrac in aghaidh bruscar muirí;

(h) pleanáil spásúil mhuirí agus bainistiú comhtháite an chreasa cósta a chur chun cinn;

(i) tacú le taighde muirí agus biteicneolaíocht; agus

(j) dea- chleachtais a mhalartú maidir le forbairt inbhuanaithe gníomhaíochtaí eacnamaíocha muirí atá chun leas frithpháirteach na bPáirtithe amhail fuinneamh in-athnuaite muirí, agus turasóireacht chósta agus mhuirí.

## CAIBIDIL 7

## BEARTAS EACNAMAÍOCH

### AIRTEAGAL 7.1

### Beartais Mhaicreacnamaíocha

Neartóidh na Páirtithe an t- idirphlé idir a n- údaráis maidir le beartais mhaicreacnamaíocha agus treochtaí agus cuirfidh siad malartú faisnéise agus tuairimí ina leith chun cinn.

### AIRTEAGAL 7.2

### Fiontar agus Tionscal, lena n- áirítear Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide

1. Cuirfidh na Páirtithe timpeallacht fhabhrach chun cinn chun fiontair bheaga agus mheánmhéide (dá ngairtear 'FBManna' anseo feasta) a fhorbairt agus chun a n- iomaíochas a fheabhsú, agus comhar um beartas tionsclaíoch cothrománach a chur chun cinn de réir mar is iomchuí. Áireofar leis an gcomhar sin:

(a) teagmhálacha idir oibreoirí eacnamaíocha a chur chun cinn, infheistíochtaí comhpháirteacha a spreagadh agus comhfhiontair agus líonraí faisnéise a bhunú trí bhíthin chláir chothrománacha atá ann cheana;

(b) faisnéis agus eispéiris a mhalartú maidir le creatdálaí a chruthú le haghaidh FBManna chun a n- iomaíochas a fheabhsú agus maidir le nósanna imeachta a bhaineann le FBManna a chruthú;

(c) na gníomhaíochtaí arna mbunú ag FBManna ar an dá thaobh a éascú;

(d) faisnéis agus dea- chleachtais a mhalartú maidir le Tionscal 4.0; agus

(e) freagracht agus cuntasacht shóisialta chorparáideach a chur chun cinn agus cleachtais fhreagracha ghnó a spreagadh, lena n- áirítear tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe.

2. Éascóidh na Páirtithe na gníomhaíochtaí ábhartha comhair arna mbunú ag an earnáil phríobháideach.

AIRTEAGAL 7.3

Gnó agus Cearta an Duine

Cuirfidh na Páirtithe freagracht shóisialta chorparáideach chun cinn, i gcomhréir le caighdeáin ábhartha idirnáisiúnta, amhail Prionsabail Threoracha na Náisiún Aontaithe maidir le Gnó agus Cearta an Duine agus Treoirlínte ECFE d’Fhiontair Ilnáisiúnta agus Treoraíocht ECFE um Dhícheall Cuí i dtaca le hIompar Gnó Freagrach, ar an leibhéal náisiúnta, agus chun fothú acmhainneachta agus malartú eispéireas ar an leibhéal idirnáisiúnta a chur chun cinn.

AIRTEAGAL 7.4

Amhábhair

1. Aithníonn na Páirtithe gurb é cur chuige trédhearcach, margadhbhunaithe an bealach is fearr chun timpeallacht a chruthú atá fabhrach d'infheistíocht i dtáirgeadh agus trádáil amhábhar.

2. Cuirfidh na Páirtithe an comhar chun cinn maidir le saincheisteanna a bhaineann le hamhábhair laistigh de shuíomhanna réigiúnacha nó iltaobhacha ábhartha nó trí idirphlé déthaobhach arna iarraidh sin do cheachtar den dá Pháirtí, bunaithe ar leasanna frithpháirteacha. Beidh sé d'aidhm ag an gcomhar sin bacainní ar thrádáil in amhábhair a bhaint laistigh de na suíomhanna sin, creat domhanda riail- bhunaithe um thrádáil amhábhar a neartú, trédhearcacht a chur chun cinn i margaí domhanda le haghaidh amhábhar agus rannchuidiú leis an bhforbairt inbhuanaithe.

3. Féadfaidh malartuithe faisnéise i ndáil leis an méid seo a leanas a bheith san áireamh leis an gcomhar sin:

(a) soláthar agus éileamh, trádáil dhéthaobhach agus saincheisteanna infheistíochta chomh maith le saincheisteanna um thrádáil idirnáisiúnta;

(b) bacainní taraife agus neamhtharaifí d'earraí amhábhar, do sheirbhísí gaolmhara agus d'infheistíochtaí gaolmhara;

(c) creataí rialála na bPáirtithe faoi seach;

(d) teicneolaíochtaí a chuirtear i bhfeidhm i leith próiseas táirgthe agus úsáid amhábhar; agus

(e) dea- chleachtais i ndáil le forbairt inbhuanaithe thionscal na mianadóireachta, lena n- áirítear beartas mianraí, pleanáil úsáide talún, nósanna imeachta ceada, trédhearcacht agus rialachas.

AIRTEAGAL 7.5

Staidreamh

Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar sa réimse staidrimh, go háirithe trí chomhroinnt dea- chleachtas a chur chun cinn go gníomhach. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh leis an gcomhar sin:

(a) tinreamh níos mó ag cruinnithe idirnáisiúnta ardleibhéil ar ábhair leasa fhrithpháirtigh;

(b) modheolaíochtaí staidrimh a chomhchuibhiú chun feabhas a chur ar inchomparáideacht sonraí; agus

(c) táirgeadh agus scaipeadh staidrimh oifigiúil agus táscairí a fhorbairt.

AIRTEAGAL 7.6

Iompar

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar agus neartóidh siad an t-idirphlé i ngach réimse ábhartha den bheartas iompair, lena n- áirítear comhtháthaithe iompair, d’fhonn gluaiseacht earraí agus paisinéirí a fheabhsú, d’fhonn sábháilteacht agus slándáil mhuirí agus eitlíochta agus cosaint an chomhshaoil a chur chun cinn, agus d’fhonn éifeachtúlacht a gcóras iompair a mhéadú.

2. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh le comhar agus idirphlé den sórt sin:

(a) faisnéis agus dea- chleachtais a mhalartú maidir lena mbeartais iompair faoi seach;

(b) caidreamh eitlíochta a neartú idir Meicsiceo agus an tAontas lena n- áirítear iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht de chomhaontú eitlíochta tiomnaithe a thabhairt i gcrích;

(c) na spriocanna a chur chun cinn i ndáil le rochtain neamhshrianta ar thrádáil agus margaí muirí idirnáisiúnta, atá bunaithe ar iomaíocht chóir ar bhonn tráchtála;

(d) muiriompar, slabhraí lóistíochta agus iompar ilmhódach a éascú chun iomaíochas agus an caidreamh eacnamaíoch a fheabhsú;

(e) saincheisteanna iompair a bhaineann leis an gcomhshaol a chur chun cinn;

(f) idirphlé agus comhar den scoth a éascú laistigh d'fhóraim iompair idirnáisiúnta; agus

(g) tacú le sreabhadh leictreonach trasteorann faisnéise chun timpeallacht dhinimiciúil a chur chun cinn ar mhaithe le seirbhísí iompair éifeachtúla agus costéifeachtacha.

CAIBIDIL 8

# SAINCHEISTEANNA OIDEACHAIS, CULTÚRTHA AGUS SÓISIALTA

## AIRTEAGAL 8.1

### Oideachas

Cuirfidh na Páirtithe comhar agus idirphlé chun cinn i réimsí ábhartha an oideachais, lena n- áirítear:

(a) an t- ardoideachas agus oiliúint agus oideachas teicneolaíochta agus gairme a neartú;

(b) soghluaisteacht mac léinn, taighdeoirí agus ball foirne acadúil agus riaracháin ó institiúidí ardoideachais a mhéadú; agus

(c) fothú acmhainneachta a chothú in institiúidí ardoideachais, lena n- áirítear feabhas a chur ar shásraí chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí agus tréimhsí staidéir thar lear.

AIRTEAGAL 8.2

Cultúr

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar i bhfóraim idirnáisiúnta ábhartha, go háirithe Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe (dá ngairtear 'UNESCO' anseo feasta), chun cuspóirí coiteanna a shaothrú agus chun éagsúlacht chultúrtha a chothú, lena n- áirítear trí chur chun feidhme an Choinbhinsiúin ar Éagsúlacht Léirithe Cultúir a Chosaint agus a Chur Chun Cinn, a glacadh ag Comhdháil Ghinearálta UNESCO i bPáras an 20 Deireadh Fómhair 2005.

2. Cuirfidh na Páirtithe comhar níos dlúithe chun cinn sna hearnálacha agus tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha, lena n- áirítear teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn agus teicneolaíochtaí nua agus na meáin chlosamhairc, chun tuiscint fhrithpháirteach agus eolas ar a gcultúir faoi seach a fheabhsú, i measc eile.

3. Cuirfidh na Páirtithe malartuithe cultúrtha chun cinn agus déanfaidh siad tionscnaimh chomhpháirteacha i réimsí éagsúla an chultúir faoi na creataí comhair atá ar fáil.

4. Cuirfidh na Páirtithe an comhar chun cinn, mar aon le tionscnaimh chomhpháirteacha a bhaineann le hábhair dhigiteacha a chruthú, a chur chun cinn agus a scaipeadh sa réimse ealaíne agus cultúrtha faoi chuimsiú chreat dlíthiúil ina n- aithnítear saothar cruthaitheoirí agus ina léirítear meas air, mar bhealach chun rochtain uilíoch ar an gcultúr agus a chomhpháirteanna a fheabhsú.

5. Spreagfaidh na Páirtithe idirphlé idirchultúrtha idir a n- eagraíochtaí sochaí sibhialta faoi seach agus idir daoine aonair chomh maith.

6. Aithníonn na Páirtithe an ról a bhíonn ag cultúr mar éascaitheoir agus tionscnóir na ngnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil de choinbhleachtaí a chosc agus d'fhorbairt inbhuanaithe, ag coimeád i gcuimhne go bhfuil na tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha mar mhórthionscnóirí do gheilleagair tíortha forbartha agus tíortha i mbéal forbartha.

AIRTEAGAL 8.3

Fostaíocht agus Saincheisteanna Sóisialta

1. Admhaíonn na Páirtithe gur cheart go mbeadh caighdeáin mhaireachtála a fheabhsú, poist ardcháilíochta a chruthú agus obair chuibhiúil a chur chun cinn i gcroílár na mbeartas fostaíochta agus sóisialta.

2. Urramóidh na Páirtithe na prionsabail bhunúsacha agus cearta bunúsacha san obair a leagtar amach i nDearbhú na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair (dá ngairtear 'EIS' anseo feasta) maidir le Prionsabail Bhunúsacha agus Cearta Bunúsacha san Obair, a glacadh ag an gComhdháil Idirnáisiúnta Saothair sa Ghinéiv an 18 Meitheamh 1998, agus i gCoinbhinsiún chomhfhreagracha EIS ar páirtithe iontu iad.

3. Cuirfidh na Páirtithe feabhas ar an gcomhar i réimsí na fostaíochta, an idirphlé shóisialta agus na ngnóthaí sóisialta, agus cuirfidh siad malartuithe faisnéise chun cinn maidir le fostaíocht, sláinte agus sábháilteacht ag an obair, saincheisteanna saothair agus cosaint shóisialta.

## AIRTEAGAL 8.4

### Athruithe Tapa ar an Teicneolaíocht

Comhroinnfidh na Páirtithe na ceachtanna a foghlaimíodh agus dea- chleachtais chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach éifeachtach, ar thionchair athruithe an-tapa ar an teicneolaíocht, an uathoibrithe, agus na himpleachtaí atá ag an méid sin i dtaobh chur chun feidhme iomlán na SDGanna.

## AIRTEAGAL 8.5

### Comhtháthú Sóisialta agus Cuimsiú Sóisialta

Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar chun comhtháthú sóisialta a fheabhsú trí bhochtaineacht de gach cineál, neamhionannas agus eisiamh sóisialta a laghdú, d'fhonn na SDGanna a bhaint amach ar fud an domhain agus domhandú cothrom, lánfhostaíocht, agus obair chuibhiúil do na fir agus mná uile a chur chun cinn, lena n- áirítear ar na bealaí seo a leanas:

(a) córais cosanta sóisialta a neartú;

(b) rochtain chomhionann agus neamh- idirdhealú a spreagadh i mbeartais shóisialta;

(c) nuálaíocht a chothú chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin shóisialta trí fhaisnéis a mhalartú ar dhea- chleachtais, agus idirphlé agus taighde san earnáil sin a chur chun cinn; agus

(d) dlúthpháirtíocht an gheilleagair shóisialta a chur chun cinn ar mhaithe le cuimsiú agus chun an bhochtaineacht a chomhrac.

AIRTEAGAL 8.6

An tSláinte

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar i réimse na sláinte poiblí, lena n- áirítear cosc agus cur chun cinn na sláinte, chun leibhéal sábháilteachta na sláinte poiblí a ardú agus chun cumhdach sláinte uilíoch a chur chun cinn.

2. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh leis an gcomhar sin:

(a) faisnéis a mhalartú agus oibriú i gcomhar le chéile ar shaincheisteanna leasa fhrithpháirtigh;

(b) cur chun feidhme comhaontuithe sláinte idirnáisiúnta a chur chun cinn; agus

(c) malartuithe, comhaltachtaí agus cláir oiliúna a éascú sna réimsí dá dtagraítear i mír 1.

AIRTEAGAL 8.7

Turasóireacht

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar i réimse na turasóireachta. Beidh sé d’aidhm ag comhar den sórt sin feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus dea- chleachtas chun forbairt chothrom agus inbhuanaithe na turasóireachta a áirithiú agus chun tacú le cruthú post agus forbairt eacnamaíoch.

2. Beidh comhar den sórt sin dírithe ar:

(a) acmhainneacht na hoidhreachta nádúrtha agus na hoidhreachta cultúrtha a chosaint agus a uasmhéadú;

(b) cleachtais lena spreagtar turasóireacht fhreagrach agus meas ar phobail áitiúla;

(c) faisnéis agus dea- chleachtais a mhalartú faoi ghníomhaíochtaí chun scileanna agus inniúlachtaí a fheabhsú in earnáil na turasóireachta;

(d) malartú faisnéise agus comhar a chur chun cinn le haghaidh tionscail chruthaitheacha agus nuálaíocht in earnáil na turasóireachta; agus

(e) dea- chleachtais a mhalartú d’fhonn prionsabail na hinbhuanaitheachta, go háirithe an bhithéagsúlacht, a phríomhshruthú sa turasóireacht.

CAIBIDIL 9

TAIGHDE, NUÁLAÍOCHT AGUS AN GEILLEAGAR DIGITEACH

AIRTEAGAL 9.1

Taighde agus Nuálaíocht

1. Oibreoidh na Páirtithe i gcomhar i réimse an taighde eolaíoch, na forbartha teicneolaíche agus na nuálaíochta ar bhonn leasa fhrithpháirtigh agus comhthairbhe agus i gcomhréir lena reachtaíocht féin. Beidh sé d'aidhm ag comhar den sórt sin forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn, dul i ngleic le dúshláin shochaíocha dhomhanda, barr feabhais eolaíochta a bhaint amach, iomaíochas réigiúnach a fheabhsú, chomh maith le caidreamh a threisiú idir na Páirtithe, as a n- eascróidh comhpháirtíochtaí marthanacha. Cothóidh na Páirtithe idirphlé beartais ar leibhéil dhéthaobhacha agus réigiúnacha agus úsáidfidh siad a n- ionstraimí éagsúla, lena n- áirítear comhaontuithe maidir le comhar eolaíoch agus teicneolaíoch, ar bhealaí comhlántacha.

2. Féachfaidh na Páirtithe leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) feabhas a chur ar dhálaí le haghaidh soghluaisteacht taighdeoirí, eolaithe, saineolaithe, mic léinn agus fiontraithe agus ghluaiseacht ábhair agus trealaimh thar theorainneacha;

(b) rochtain chómhalartach a éascú ar chláir eolaíochta, theicneolaíochta agus nuálaíochta (dá ngairtear 'STI' anseo feasta), bonneagair thaighde agus saoráidí, foilseacháin agus sonraí eolaíochta a chéile;

(c) comhar a mhéadú i dtaighde agus caighdeánú réamhnormatach; agus

(d) prionsabail choiteanna a chur chun cinn chun leibhéal leormhaith éifeachtach cosanta agus forfheidhmithe a bhaint amach i dtaobh cearta maoine intleachtúla i dtionscadail taighde agus nuálaíochta.

3. Cuirfidh na Páirtithe na gníomhaíochtaí seo a leanas chun cinn, a bheidh le déanamh ag eagraíochtaí rialtais, ionaid taighde phoiblí agus phríobháideacha, institiúidí ardoideachais, líonraí agus gníomhaireachtaí nuálaíochta, agus páirtithe leasmhara eile; lena n- áirítear FBManna:

(a) tionscnaimh chomhpháirteacha chun feasacht a ardú faoi chláir eolaíochta, theicneolaíochta, nuálaíochta agus fothaithe acmhainneachta agus deiseanna chun bheith rannpháirteach i gcláir a chéile;

(b) cruinnithe agus ceardlanna comhpháirteacha a bheidh dírithe ar fhaisnéis agus dea- chleachtais a mhalartú agus réimsí a shainaithint le haghaidh taighde comhpháirteach;

(c) gníomhaíochtaí comhthaighde i réimsí leasa fhrithpháirtigh;

(d) measúnú agus meastóireacht ar chomhar eolaíochta, arna n-aithint go frithpháirteach, agus scaipeadh na dtorthaí comhfhreagracha.

AIRTEAGAL 9.2

An Geilleagar Digiteach

1. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide (dá ngairtear 'TFCanna' anseo feasta) ina bpríomhghnéithe den saol nua- aimseartha agus go bhfuil siad ríthábhachtach chun rannchuidiú le faisnéis agus eolas a neartú i sochaí chun forbairt eacnamaíoch, oideachais agus shóisialta a fheabhsú. Malartóidh na Páirtithe tuairimí faoina mbeartais féin sa réimse sin.

2. Féadfar na nithe seo a leanas a áireamh leis an gcomhar sin:

(a) tuairimí a mhalartú ar na gnéithe difriúla den bheartas maidir leis an margadh aonair digiteach, go háirithe beartais um chumarsáid leictreonach agus rialáil, lena n- áirítear rochtain ar sheirbhísí leathanbhanda, príobháideachas agus sonraí pearsanta a chosaint, ríomhsheirbhísí rialtais, rialtas oscailte, sonraí oscailte, slándáil idirlín, ríomhsheirbhísí sláinte, agus neamhspleáchas údarás rialála;

(b) TFCanna a chur chun cinn mar mhodh chun forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha, cuimsiú sóisialta agus digiteach agus éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn, agus aird á tarraingt ar an meon fiontraíochta agus ar obair chomhoibríoch rannpháirteach chomh maith le nascacht a spreagadh i scoileanna agus líonraí taighde agus acadúla a fhorbairt;

(c) idirnascadh agus idir- inoibritheacht líonraí taighde a fhorbairt, mar aon le bonneagair agus seirbhísí ríomhaireachta agus sonraí eolaíocha, lena n- áirítear iad sin atá i gcomhthéacs réigiúnach;

(d) oibriú i gcomhar i réimse na r- sheirbhísí rialtais agus iontaoibh a chur i seirbhísí amhail ríomhshíniú agus ríomh- shainaitheantas (eID), ag díriú ar phrionsabail bheartais, faisnéis agus dea- chleachtais a mhalartú maidir le TFCanna a úsáid chun riarachán poiblí a nuachóiriú, seirbhísí poiblí ardcháilíochta a chur chun cinn, éifeachtúlacht eagraíochtúil a fheabhsú agus acmhainní poiblí a bhainistiú ar bhealach trédhearcach;

(e) faisnéis a mhalartú faoi chaighdeáin, measúnú comhréireachta agus cineálcheadú; agus

(f) malartú saineolaithe agus oiliúint do na saineolaithe sin a chur chun cinn, go háirithe gairmithe óga.